BILEOG EOLAIS FAOI NEAMHORD FORBARTHA TEANGA (DLD)

Tá trí rud ba chóir a bheith ar eolas agat faoi DLD

1. Bíonn Neamhord Forbartha Teanga ag leanbh nó duine fásta nuair a bhíonn deacrachtaí labhartha acu agus / nó deacrachtaí ag tuiscint teanga.

2. Míchumas faoi cheilt is ea DLD a chuireann as do bheirt leanaí as gach rang, geall leis, ag cur isteach ar litearthacht, foghlaim, cairdis agus folláine mhothúchánach.

3. Is féidir le tacaíocht ó ghairmithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus múinteoirí san áireamh, difríocht mhór a dhéanamh.

DLD:Téarmaíocht dhiagnóiseach, minicíocht, cúiseanna

- **Comhdhearcadh faoi théarmaíocht:**Tá an moladh d'úsáid an téarma diagnóisigh Neamhord Forbartha Teanga foilsithe (Bishop et al., 2016; 2017), mar aon le cuntas faoin mbealach ar thángthas ar an gcomhdhearcadh.

- **Minicíocht:**Bíonn tionchar ag DLD ar bheirt leanaí geall leis i ngach seomra ranga. I staidéar eipidéimeolaíochta a rinneadh sa Ríocht Aontaithe le gairid, staidéar SCALES (Norbury et al. 2016), fuarthas amach go raibh DLD ag 7.5% de na leanaí gan aon riocht bithleighis a bheith bainte leis.

- **Cúiseanna**:Is nós le DLD rith i dteaghlaigh. Léiríonn staidéar ar chúplaí go mbíonn tionchar láidir géiniteach ar DLD ach is cosúil gur léiriú é sin ar an tionchar comhcheangailte a bhíonn ag an iomad géinte, seachas sóchán sonrach ar leith (Bishop, 2006). Níl aon tacaíocht thurgnamhach ar fáil don tuairim coitianta gur tuismitheoirí nach labhraíonn lena leanaí is cúis le DLD a bheith ag a leanaí.

- **Néaraibhitheolaíocht**: Níl aon fhianaise **d'aon** damáiste inchinne i bhformhór na gcásanna; d'fhéadfadh athruithe caolchúiseacha a bheith i méid na réigiún inchinne agus sna comhréireacha den ábhar liath, ach bíonn sé sin neamhréireach ó leanbh go leanbh. Ag an bpointe ama seo, níl aon 'bhithchomhartha' againn don DLD (Leonard et al, 2006)

DLD:Deacrachtaí bainteacha

- **Gaol le riochtaí eile**:Tarlaíonn DLD go coitianta le ADHD agus disléicse. Tá a lán díospóireachta déanta faoi fhorluíonna le huathachas éadrom. Tá a lán de na leanaí nach mbíonn na fadhbanna sóisialta acu atá ina dtréithe den uathachas, ach bíonn tréithe uathacha éadroma ag cuid de na leanaí. Ach é sin ráite, tá difríocht shuntasacha idir an chabhair atá ar fáil do leanaí a bhfuil diagnóis uathachais acu i gcomparáid le DLD. Leanann an difríocht sin ar aghaidh isteach san aosacht, nuair a bhíonn aitheantas ag disléicse agus ag an uathachas araon mar mhíchumais, cé gur beag feasachta atá ann faoi DLD.

- **Gnóthachtáil litearthachta agus acadúil**:Tá dlúthcheangail idir disléicse agus DLD (Bishop agus Snowling 2004) Comhlíonann a lán de na leanaí le DLD na critéir don disléicse (McArthur et al, 2000). Fiú má bhíonn an leanbh in ann léamh go cruinn os ard, is minic go mbíonn fadhbanna acu an rud atáthar a léamh a thuiscint (Stothard et al, 2010). Is minic go ligtear na fadhbanna sin i ndearmad, agus go measann na múinteoirí gur dánacht nó neamhaird atá san easpa tuisceana. Ní

theagasctar DLD do na múinteoirí le linn a n-oiliúna.

- **Deacrachtaí sóisialta le piaraí**:Tá an cumas a bheith in ann tú féin a chur in iúl go líofa agus tuiscint thapa a bheith agat ar an méid atá á rá ag daoine eile in ann tionchar mór a imirt ar chaidrimh shóisialta. I gcás leanaí aonair a raibh DLD acu, fuair Staidéar Teanga Mhanchain amach go raibh deacrachtaí ag 40% acu ina n-idirghníomhaíochtaí lena bpiaraí faoin am a raibh siad 16 bliana d'aois (St. Clair, Pickles, Durkin & Conti-Ramsden, 2011), cuimhníonn 50% de dhéagóirí 16 bliana gur dearnadh bulaíocht orthu ina n-óige (i gcomparáid le níos lú ná 25% de na déagóirí a d'fhorbair mar is gnách) agus rinneadh bulaíocht leanúnach ar 13% acu ó bhí siad óg. (Knox & Conti-Ramsden 2003). Dá mbeadh tuiscint níos fearr ag daoine fásta agus ag piaraí ar an DLD chuideodh sé chun na torthaí diúltacha sin a sheachaint.

DLD:Fostaíocht agus Meabhairshláinte

- **Fostaíocht**:Ní mór glacadh go dáiríre le DLD mar gur féidir leis méadú a chur ar an mbaol dífhostaíochta agus ar easpa neamhspleáchais san aosacht (Conti-Ramsden & Durkin, 2008). Ach é sin ráite, is minic go gcoinníonn daoine a bhfuil na fadhbanna éadroma acu a bpoist, cé gur iondúil gur poist neamhsciliúla go maith a bhíonn iontu (Whitehouse et al 2009). Dá mbeadh aitheantas níos fearr don DLD sna scoileanna, bheifí in ann forbairt agus cothú a dhéanamh ar réimsí scileanna na leanaí ionas nach ndéanfaí neamhaird dóibh mura mbíonn torthaí maithe gnácha acadúla acu.

- **Meabhairshláinte**:Is beag deacrachtaí a léiríonn leanaí a bhfuil an DLD éadrom acu. Ina choinne sin, léiríonn suas le dhá thrian (64%) de leanaí a bhfuil neamhord leanúnach teanga acu roinnt iompraíochtaí eismheánaithe (m.sh. Fadhbanna iompair: forrántacht, 'troid le leanaí eile') agus / nó deacrachtaí inmheánaithe (m.sh. cúlú: aonarán, claonadh a bheith ag súgradh leo féin) (Conti-Ramsden & Botting, 2004). Ar an dea-uair, is minic go réitítear na deacrachtaí sin le linn na hógántachta (St. Clair et al., 2011), ach fós féin tá a dhá oiread go leith de bhaol ann go léireoidh déagóirí a bhfuil DLD acu comharthaí dúlagair i gcomparáid lena bpiaraí atá ag forbairt mar is gnách (Conti-Ramsden & Botting, 2008). 'Teiripí cainte' is ea an chuid is mó de na teiripí a bhaineann le fadhbanna sláinte meabhrach leanaí agus b'fhéidir nach mbeidís sin barrmhaith do leanaí le DLD.

DLD:Idirghabháil

- **Idirghabháil**:Chun go mbeadh idirghabhálacha éifeachtach caithfidh siad a bheith ar ardchaighdeán agus a bheith sách fada – tá líon leanúnach acu sin á bhforbairt agus cuma na leasa orthu (Law et al 2015). Go deimhin, tá sé taispeánta ag triallacha láidre rialaithe sna scoileanna go bhfuil idirghabhálacha a bhíonn curtha ar fáil ag cúntóirí teagaisc a bhfuil oiliúint agus tacaíocht acu in ann dul chun cinn suntasach a chur ar fáil i dTeanga (Fricke et al., 2013; 2017) agus i Litearthacht (Bowyer- Crane et al, 2008). Teastóidh tacaíocht níos fadtéarmaí ó chuid de na leanaí d'fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith leanúnach in ainneoin idirghabhála (Boyle et al, 2010). Tá sé faighte amach i dtaighde go mbíonn deacrachtaí ar leith nuair a bhítear ag idirghabháil le leanaí a bhfuil deacrachtaí gabhchumais acu.

DLD:Aitheantas poiblí agus an feachtas RADLD

- **Stair agus téarmaíocht:**Tá cur síos déanta ar fhadhbanna teanga leanaí le 200 bliain, geall leis (Gall 1822). 'Afáise forbartha' an téarma a úsáideadh ar dtús, ach úsáideadh a lán téarmaí difriúla ina dhiaidh sin (lagú sonrach teanga, deacracht príomhtheanga) i dtaighde agus i gcleachtas

(Dockrell, 2006). Tá an téarma Neamhord Forbartha Teanga thart le cuid mhaith blianta, ach tugann na moltaí nua a foilsíodh in 2017 treoirlínte níos soiléire faoin mbealach ba chóir é a úsáid mar aon le míniú faoi gcúis a bhfuil sé roghnaithe thar théarmaí eile.

- **Ní mór aitheantas poiblí a thabhairt do DLD.** Is beag feasachta atá ag an bpobal faoin riocht, agus tá sé sin léirithe freisin sna rátaí ísle de thaighde ar DLD i gcomparáid le minicíocht agus déine an DLD (Bishop, 2010). Tá a lán oibre déanta ag an bhfeachtas RADLD (RALLI roimhe sin) chun méadú a chur ar an bhfeasacht faoi bhunfhíricí an DLD trí chainéal YouTube, suíomh gréasáin agus ábhair thacaíochta.

Tagairtí

Bishop, D. V. M. (2006). What causes specific language impairment in children? Current Directions in Psychological Science, 15, 217–221.

Bishop, D. V. M. (2008). Specific language impairment, dyslexia, and autism: Using genetics to unravel their relationship. In C. F. Norbury, J. B. Tomblin & D. V. M. Bishop (Eds.), Understanding developmental language disorders: from theory to practice (lgh. 67–78). Hove:Psychology Press.

Bishop, D. V. M. (2010). Which neurodevelopmental disorders get researched and why? PLOS One, 5(11), e15112.

Bishop, D. V. M., Clark, B., Conti-Ramsden, G., Norbury, C. F., & Snowling, M. J. (2012). RALLI: An internet campaign for raising awareness of language learning impairments. Child Language Teaching & Therapy, 28(3), 259–262. doi:10.1177/0265659012459467. pdf anseo: http://journals.sagepub.com/doi/pdf/10.1177/0265659012459467

Bishop, D. V. M., & Snowling, M. J., (2004) Developmental Dyslexia and Specific Language Impairment:The same or different? Psychological Bulletin. 130 (6), 858–886.

Bishop, D. V. M., Snowling, M. J., Thompson, P. A., Greenhalgh, T., & The CATALISE Consortium. (2016). CATALISE: a multinational and multidisciplinary Delphi consensus study. Identifying language impairments in children. PLOS One, 11(7), e0158753. doi:10.1371/journal. pone. 0158753

Bishop, D. V. M., Snowling, M. J., Thompson, P. A., Greenhalgh, T., & The CATALISE Consortium. (2017). Phase2 of CATALISE: a multinational and multidisciplinary Delphi consensus study of problems with language development: Terminology. Journal of Child Psychology & Psychiatry. doi:10.1371/journal. pone. 0158753

Boyle, J., McCartney, E., O'Hare, A., & Law, J. (2010). Intervention for mixed receptive-expressive language impairment: a review. Developmental Medicine and Child Neurology, 52(11), 994–999. doi:10.1111/j.1469- 8749.2010.03750.x

Bowyer-Crane, C., Snowling, M.J., Duff, F.J., Fieldsend, E., Carroll, J.M., Miles, J., Götz, K., & Hulme, C. (2008) Improving Early Language and Literacy Skills:Differential Effects of an Oral Language versus a Phonology with Reading Intervention. Journal of Child Psychology & Psychiatry, 49, 422–432

Conti-Ramsden, G., & Botting, N. (2004). Social difficulties and victimization in children with SLI at 11 years of age. Journal of Speech, Language, and Hearing Research, 47, 145–161.

Conti-Ramsden, G., & Durkin, K. (2008).Language and independence in adolescents with and without a history of Specific Language Impairment (SLI). Journal of Speech, Language and Hearing Research, 51, 70- 83.

Dockrell JE, Lindsay G, Letchford C, and Mackie C (2006) Educational provision for children with specific speech and language difficulties:Perspectives of speech and language therapy managers. International Journal of Language and Communication Disorders, 41, 423–40.

Fricke, S., Bowyer-Crane, C., Haley, A.J., Hulme, C. & Snowling, M.J., (2013) Efficacy of language intervention in the early years. Journal of Child Psychology and Psychiatry. 54(3), 280–290.

Gall, F. J. (1822), Sur les fonctions du cerveau et sur celles de chacunede ses parties: avec des observations sur la possibilité do reconnaître les instincts, les penchans, les talens, ou les dispositions morales et intellectuelles des homes et des animaux, par la configuration de leur cerveau et de leur tête. Paris: J.B. Baillire.

Knox, E., & Conti-Ramsden, G. (2003). Bullying risks of 11-year-old children with specific language impairment (SLI): does school placement matter? International Journal of Language & Communication Disorders, 38(1), 1–12.

Law, Roulstone, & Lindsay, 2015 Integrating external evidence of intervention effectiveness with both practice and the parent perspective: development of 'What Works' for speech, language and communication needs. Developmental Medicine & Child Neurology 2015, 57(3), 223–228.

Leonard, C., Eckert, M., Given, B., Virginia, B., & Eden, G. (2006). Individual differences in anatomy predict reading and oral language impairments in children. Brain, 129(12), 3329–3342.

McArthur, G. M., Hogben, J. H., Edwards, V. T., Heath, S. M., & Mengler, E. D. (2000). On the 'specifics' of specific reading disability and specific language impairment. Journal of Child Psychology and Psychiatry, 41, 869–874.

Norbury, C. F., Gooch, D., Wray, C., Baird, G., Charman, T., Simonoff, E., … Pickles, A. (2016). The impact of nonverbal ability on prevalence and clinical presentation of language disorder: evidence from a population study. Journal of Child Psychology and Psychiatry. https://doi.org/10.1111/jcpp.12573

St Clair, M. C., Pickles, A., Durkin, K., & Conti-Ramsden, G. (2011). A longitudinal study of behavioral, emotional and social difficulties in individuals with a history of specific language impairment (SLI).[Alt]. Journal of Communication Disorders, 44(2), 186–199.

Stothard, SE., Hulme, C, Clarke, P., Barmby, P, Snowling, M. J. (2010) YARC York Assessment of Reading for Comprehension (Secondary). GL Assessment.

Whitehouse, A. J. O., Line, E. A., Watt, H. J., & Bishop, D. V. M. (2009). Qualitative aspects of developmental language impairment relates to language and literacy outcome in adulthood. International Journal of Language and Communication Disorders, 44, 489–510.